# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2083 ÓN gCOIMISIÚN

## an 26 Samhain 2021

## lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meitheamh 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ([2]) maidir le bearta beartais tráchtála áirithe a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, rialachán lena bhforáiltear mar a leanas maidir le cur i bhfeidhm dleachtanna custaim breise ar roinnt táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe a allmhairítear isteach san Aontas:

(a) ag an gcéad chéim, na dleachtanna *ad valorem* breise ar ráta 10 % agus 25 % ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn sin, is dleachtanna iad a tháinig i bhfeidhm an 21 Meitheamh 2018, agus bhí sé beartaithe iad a bheith i bhfeidhm nó go scoirfidh na Stáit Aontaithe de na bearta coimirce atá á gcur i bhfeidhm acu féin maidir le táirgí ón Aontas;

(b) ag an dara céim, is ón 1 Meitheamh 2021 a bheadh feidhm ag na dleachtanna *ad valorem* breise eile ar ráta 10 %, 25 %, 35 % agus 50 % ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn sin, sin nó tar éis don Chomhlacht um Réiteach Díospóide de chuid EDT rialú a ghlacadh, nó fógra a fháil ina leith, le rá go bhfuil bearta coimirce na Stát Aontaithe ar neamhréir le forálacha ábhartha an Chomhaontaithe lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ("Comhaontú EDT"), más é is túisce, nó go scoirfidh na Stáit Aontaithe de na bearta coimirce atá i bhfeidhm acu maidir le táirgí ón Aontas.

(2) An 7 Aibreán 2020, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 ([3]) lena bhforáiltear maidir le cur i bhfeidhm dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe a allmhairítear isteach san Aontas, mar a leanas:

(a) ag an gcéad chéim, na dleachtanna *ad valorem* breise ar ráta 20 % agus 7 % ar allmhairí na dtáirgí a shonraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), den Rialachán sin, is dleachtanna iad a tháinig i bhfeidhm an 8 Bealtaine 2020, agus socraíodh iad a bheith i bhfeidhm nó go scoirfidh na Stáit Aontaithe de na bearta coimirce atá á gcur i bhfeidhm acu féin maidir le táirgí ón Aontas;

---

([1]) IO L 189, 27.6.2014, lch. 50; arna leasú le Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 (IO L 272, 16.10.2015, lch. 1) agus le Rialachán (AE) 2021/167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 (IO L 49, 12.2.2021, lch. 1).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2018 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724 (IO L 158, 21.6.2018, lch. 5).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2020 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 109, 7.4.2020, lch. 10).

(b) ag an dara céim, is ón 8 Feabhra 2023 ba cheart feidhm a bheith ag dleacht *ad valorem* bhreise de 4,4 % ar allmhairí an táirge a shonraítear in Airteagal 1(2), pointe (b), den Rialachán sin, sin nó tar éis don Chomhlacht um Réiteach Díospóide de chuid EDT rialú a ghlacadh, nó fógra a fháil ina leith, le rá go bhfuil bearta coimirce na Stát Aontaithe ar neamhréir le forálacha ábhartha Chomhaontú EDT, más é is túisce, nó go dtiocfaidh deireadh le feidhm na mbeart coimirce de chuid na Stát Aontaithe.

(3) An 31 Bealtaine 2021, de bhun an Ráitis Chomhpháirtigh ón Aontas Eorpach agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá a foilsíodh an 17 Bealtaine 2021, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ([4]) maidir le bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, rialachán a chuir ar fionraí cur i bhfeidhm na ndleachtanna *ad valorem* breise ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/886 go dtí an 30 Samhain 2021.

(4) Féadfaidh an Coimisiún Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ([5]) agus (AE) 2020/502 ([6]) a leasú thar ceann an Aontais, más iomchuí sin dar leis, chun aon mhodhnú nó leasú ar bhearta coimirce na Stát Aontaithe a thabhairt san áireamh.

(5) An 31 Deireadh Fómhair 2021, d'fhógair na Stáit Aontaithe na leasuithe seo a leanas ar a mbearta coimirce féin, leasuithe a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022:

(i) déanfaidh na Stáit Aontaithe '*taraif-chuóta a chur in ionad na taraife 25 % atá ann cheana ar tháirgí cruach an Aontais faoi Roinn 232.*' Tá an cuóta bunaithe ar na méideanna allmhairiúcháin a bhíodh ann roimhe seo maidir le táirgí cruach de thionscnamh an Aontais;

(ii) déanfaidh na Stáit Aontaithe '*taraif-chuóta a chur in ionad na taraife 10 % atá ann cheana ar tháirgí alúmanaim an Aontais faoi Roinn 232*'. Tá an cuóta bunaithe ar na méideanna allmhairiúcháin a bhíodh ann roimhe seo maidir le táirgí alúmanaim de thionscnamh an Aontais;

(iii) déanfaidh na Stáit Aontaithe '*cur i bhfeidhm na ndíolúintí a dheonaítear agus a úsáidtear le haghaidh na bliana fioscaí 2021 sna Stáit Aontaithe maidir le táirgí cruach arna n-allmhairiú ón Aontas ar feadh tréimhse dhá bhliain féilire gan aon ghá iarratas a dhéanamh orthu arís, i.e., go dtí an 31 Nollaig 2023*';

(iv) ní chuirfidh na Stáit Aontaithe dleachtanna Roinn 232 i bhfeidhm ar allmhairí earraí díorthacha as cruach ná ar allmhairí earraí díorthacha as alúmanaim, ar allmhairí iad a thagann ón Aontas.

(6) Dá réir sin, ba cheart don Aontas cur i bhfeidhm na ndleachtanna *ad valorem* breise a chur ar fionraí, ar dleachtanna iad arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502, ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2023. Ba cheart an fhionraíocht a chur i bhfeidhm mar seo a leanas:

(i) ba cheart na dleachtanna *ad valorem* breise ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 a chur ar fhionraí ón 1 Eanáir 2022;

(ii) na dleachtanna *ad valorem* breise ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886, dleachtanna atá ar fionraí go dtí an 30 Samhain 2021, ba cheart an fhionraíocht sin a bheith i bhfeidhm fós ón 1 Nollaig 2021;

(iii) ba cheart na dleachtanna *ad valorem* breise ar tháirgí a liostaítear in Airteagal 1(2), pointe (a) agus pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 a chur ar fionraí ón 1 Eanáir 2022;

(iv) an dleacht *ad valorem* bhreise ar an táirge a liostaítear in Airteagal 1(2), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502, dleacht a mbeidh feidhm aici ón 8 Feabhra 2023, ba cheart iad a chur ar fionraí ón 8 Feabhra 2023.

(7) Má chuirtear an fhionraíocht sin i bhfeidhm, beidh an tAontas agus na Stáit Aontaithe in ann an comhar leanúnach eatarthu a chur chun cinn go mór, lena n-áirítear d'fhonn deireadh a chur leis na taraifí a chuireann siad i bhfeidhm ar a chéile. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeadh aon díolúine ó bhearta na Stát Aontaithe i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2023. Díolúintí den sórt sin a dheonaítear d'allmhaireoirí sna Stáit Aontaithe agus táirgí ón Aontas á n-allmhairiú acu, laghdaíonn sin go suntasach an tionchar diúltach atá ag bearta coimirce na Stát Aontaithe. Dá bhrí sin, meastar gó bhfuil tréimhse leordhóthanach réasúnta i gceist le fionraíocht a mhaireann go dtí an 31 Nollaig 2023, rud a thugann aird chuí ar na fógraí ó na Stát Aontaithe an 31 Deireadh Fómhair 2021.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/866 ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2021 lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 (IO L 190, 31.5.2021, lch. 94).

([5]) Aithris 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886.

([6]) Aithris 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502.

(8) Ceanglaítear le hAirteagal 4(2)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 go mbeidh gníomhaíocht an Aontais coibhéiseach go substaintiúil le leibhéal na lamháltas nó na n-oibleagáidí eile a ndéanann bearta coimirce an tríú tír difear dóibh.

(9) Ba cheart don Choimisiún an fhionraíocht a choinneáil faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí nua, mar shampla forbairtí a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar staid allmhairí an Aontais atá fós faoi réir bhearta coimirce na Stát Aontaithe, lena n-áirítear aon bhac a chuireann isteach ar onnmhairí an Aontais. Féadfaidh an Coimisiún an Rialachán seo a leasú chun forbairtí den sórt sin, aon mhodhnú ar bhearta coimirce na Stát Aontaithe nó aon leasú orthu a chur san áireamh.

(10) Tá an fhionraíocht sin gan dochar do sheasamh an Aontais go bhfuil bearta coimirce na Stát Aontaithe ar neamhréir le Comhaontú EDT i gcónaí.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Bacainní Trádála arna bhunú le Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cur i bhfeidhm na ndleachtanna *ad valorem* breise ar ráta 10 % agus 25 % ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886, cuirfear ar fionraí é ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Cur i bhfeidhm na ndleachtanna *ad valorem* breise ar ráta 10 %, 25 %, 35 % agus 50 % ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886, cuirfear ar fionraí é ón 1 Nollaig 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Gan dochar d'aon fhionraíocht ná modhnú breise, lena n-áirítear aischur roimhe sin, beidh feidhm ag na dleachtanna dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 agus an dáta sin san áireamh.

*Airteagal 2*

Déanfar cur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 a chur ar fionraí go dtí an 31 Nollaig 2023, mar a leanas:

(a) na dleachtanna *ad valorem* breise ar ráta 20 % agus 7 % ar allmhairí táirgí a shonraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502, cuirfear ar fionraí iad ón 1 Eanáir 2022;

(b) an dleacht *ad valorem* bhreise ar ráta 4,4 % ar allmhairí an táirge a shonraítear in Airteagal 1(2), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502, cuirfear ar fionraí iad ón 8 Feabhra 2023.

Gan dochar d'aon fhionraíocht ná modhnú breise, lena n-áirítear aischur roimhe sin, beidh feidhm ag na dleachtanna dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 agus an dáta sin san áireamh.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 30 Samhain 2021.

([7]) Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 272, 16.10.2015, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Samhain 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN